

TUARASCÁIL  
BHLIANTÚIL AN  
CHISTE CARBÓIN  
2009



Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Tuarascáil agus Cuntais an Chiste Carbóin don bhliain dar críoch Nollaig 2009







Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

25 Meitheamh 2010

An tUasal John Gormley, T.D.  
An tAire Comhshaoil, Oidhreachta  
agus Rialtais Áitiúil  
Teach an Chustaim  
Baile Átha Cliath 1

A Aire, a chara,

Is mór an onóir dom é Tuarascáil agus Cuntais an Chiste Carbóin don tréimhse dar chríoch an 31 Nollaig 2009 a chur chugat.

Mise, le meas,

John C. Corrigan  
Príomhfheidhmeannach



2009

# CLÁR NA NÁBHAR

Creat Dlíthiúí	4
Cúlra Phrótacal Kyoto	5
Dualgais faoi Phrótacal Kyoto	6
An tAontas Eorpach agus Prótacal Kyoto	7
Astuithe Gás Ceaptha Teasa in Éirinn in 2008	9
Straitéis na hÉireann chun Prótacal Kyoto a Chomhlíonadh	10
Meicníochtaí Solúbtha	11
An Margadh in Aonaid Mheicníochtaí Solúbtha	12
Maoiniú le Creidmheas Carbóin a Cheannach	13
Infheistíochtaí na hÉireann	14
Aguisín 1	17
Aguisín 2	18
Gluais	20
Ráitis Airgeadais	23



# CREAT DLÍTHIÚIL

Faoi théarmaí Phrótacal Kyoto tá gealltanais déanta ag Éirinn srian a chur ar mheán bliantúil astuithe gás ceaptha teasa sa tréimhse 2008-2012. Ní cheadófar ach leibhéal astuithe atá 13% ar a mhéid níos mó ná an leibhéal astuithe i 1990. Tá straitéis na hÉireann i leith na sprice seo leagtha amach sa *Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012* arna fhoilsiú ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Mar chuid den straitéis seo tá ceannach creidmheas carbóin. Meastar go gcaithfidh an Rialtas creidmheas carbóin a cheannach mar chúiteamh ar 3.6 tonna astuithe a dhéanann Éire sa bhreis sa tréimhse 2008-2012. I ndiaidh an chuir chun donais tapaigh agus tromchúiseach atá tarlaithe i gcoinníollacha eacnamaíocha idirnáisiúnta agus an ráta fáis níos ísle i ngeilleagar na hÉireann a bhfuiltear ag súil leis le linn na tréimhse seo, tugann na meastacháin is deireanaí atá déanta le fios go mbeidh i bhfad níos lú creidmheasanna le ceannach.

Bhunaigh an tAcht um Chiste Carbóin 2007 an Ciste Carbóin chun críche creidmheasanna carbóin a cheannach agus tarmligeadh bainistíocht an chiste do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Tá an Ghníomhaireacht ainmnithe freisin mar ghníomhaire ceannaigh d'eadáil na gcreidmheasanna sin. Tagraítear do chreidmheasanna carbóin sa reachtaíocht mar Aonaid Kyoto.

Deirtear in Alt 6 den Acht um an gCiste Carbóin 2007: *"A luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais de chuid na Gníomhaireachta, tabharfaidh an Ghníomhaireacht tuarascáil don Aire faoina gníomhaíochtaí i ndáil le comhlíonadh na bhfeidhmeanna atá tarmligthe di faoin Acht seo le linn na bliana lena mbaineann agus cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas."*

Is é seo an dara tuarascáil don Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil faoin Acht agus clúdaíonn sé an bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009.



## CÚLRA PHRÓTACAL KYOTO

I gcomhthéacs an imní atá ann maidir leis an tionchar atá ag gníomhaíochtaí an duine ar an gcomhshaol, imní atá ag dul i méid, bhunaigh na Náisiúin Aontaithe an **Painéal Idir-Rialtasach ar Athrú na hAeráide (IPCC)** agus an **Eagraíocht Dhomhanda Mheitéareolaíochta (WMO)** in 1988. Dhá bhliain ina dhiaidh sin, dearbhaíodh sa Chéad Tuarascáil Measúnachta de chuid an PIAA an bunús eolaíochta a bhí leis an imní faoi athrú aeráide. Cuireadh leis sin i dtuarascálacha eile a foilsíodh ina dhiaidh sin, agus ba í an chonclúid a bhí leis an *gCeathrú Tuarascáil Measúnachta in 2007* ná nach bhfuil aon amhras ann go bhfuil an aeráid á téamh.

Céim mhór chun cinn a bhí ann chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní maidir le haeráid an domhain nuair a thángthas ar chomhaontú ar **Choinbhinsiún Creatlaí ar Athrú na hAeráide** ag Comhdháil na Náisiúin Aontaithe a réachtáladh in Rio de Janeiro in 1992. Dhaingnigh 190 tír an Choinbhinsiún seo ina dhiaidh sin. De réir an Choinbhinsiúin, bhíodhas ag súil go mbeadh na tíortha tionsclaíocha ar thús cadhnaíochta maidir le hastuithe gás ceaptha teasa a laghdú go dtí na leibhéil a bhí ann i 1990. Ní raibh cumhacht an dlí ag na tiomantais a bhí déanta ag na tíortha tionsclaíocha, áfach. Breathnaíodh air seo mar laigeacht, agus beartaíodh mar sin gur ceart Prótacal a chur leis an gChoinbhinsiún ina mbeadh tiomantais níos déine ann chun astuithe a laghdú, agus a mbeadh cumhacht an dlí acu. Cuireadh tús le hidirbheartaíochtaí maidir leis an bPrótacal in 1995 agus glacadh leis an **bPrótacal don Choinbhinsiún Creatlaí ar Athrú na hAeráide** in 1997 ag Comhdháil Aeráide na Náisiúin Aontaithe in Kyoto, an tSeapáin.

Clúdaíonn Prótacal Kyoto, mar a thugtar air, an tréimhse 2008–2012. Ainneoin gur gnóthachan suntasach a bhí i **bPrótacal Kyoto**, lean idirbheartaíochtaí i dtreo forbartha conradh níos cuimsithí. Ag an gComhdháil Aeráide in Bali in 2007, thángthas ar chomhaontú maidir le téarmaí chun dul i mbun idirbheartaíochta do chonradh eile. Méadaíodh ar an méid oibre a bhí á dhéanamh mar ullmhú dó seo i rith 2008, ag **Comhdháil na bPáirtithe (COP)** ach go háirithe ag a 14ú seisiún a réachtáladh in Poznan, an Pholainn i mí na Nollag 2008 agus, níos deireanaí, ag na **Cainteanna ar Athrú na hAeráide** a réachtáladh i mí Márta agus mí an Mheithimh 2009 in Bonn, an Ghearmáin. Níor éirigh le COP Chóbhahávan in 2009 de bharr nár thángthas ar chomhaontú ar chonradh cuimsitheach lena chur in ionad Phrótacal Kyoto in 2012. Ba é an toradh a bhí ar Chóbhahávan ná dearbhú polaitiúil neamhcheangailteach ar theip air comhaontú a bhaint amach, agus d’easaontaigh roinnt tíortha. Leanadh d’iarrachtaí diana ó shin agus go dtí seo bhí comhaontú do-aimsithe. Ba é an dara díomá in 2009 ná níor tháinig an Scéim Trádála Astaíochtaí a bhí tuartha i gcrích. Níor phasáil Teach na nIonadaithe, áfach, an **American Clean Energy and Security Act of 2009** agus déanfaidh an Seanad é sin, nó bille comhchosúil a phlé in 2010.

Tá sé glactha ag an Aontas Eorpach cheana féin go socróidh sé spriocanna uailmhianacha don tréimhse i ndiaidh 2012 agus tá tiomantas aontaobhach déanta aige a astuithe féin a laghdú fá 20 faoin gcéad ar a laghad ar leibhéil 1990 faoin mbliain 2020. Ardófar an figiúr seo go dtí 30 faoin gcéad má tharlaíonn sé go mbeidh comhaontú domhanda sásúil ann.



1 Is í Dé-ocsaíd Charbóin (CO<sub>2</sub>) an gás ceaptha teasa is coitianta agus tonna CO<sub>2</sub> an t-aonad coitianta tomhais. Déantar an Poitéinseal Téamh Domhanda (PTD) thar thréimhse 100 bliain a bhaineann le hastuithe de gháis eile ceaptha teasa a thomhas mar chóibhéis le dé-ocsaíd charbóin. Tá PTD de 1 ag CO<sub>2</sub> de réir sainmhíneithe. Tá liosta thíos den PTD do na príomhchineálacha gás:

	PTD--100
Dé-ocsaíd Charbóin (CO <sub>2</sub> )	1
Meatán (CH <sub>4</sub> )	21
Ocsaíd Nítríúil (N <sub>2</sub> O)	310
Hídreafluoracarbóin (HFCs)	150 – 11,700
Sárfhuaracarbóin (PFCs)	6,500 – 9,200
Heicseafluaraid Sulfair (SF <sub>6</sub> )	23,900

# DUALGAIS FAOI PHRÓTACAL KYOTO

Is é an ní is mó a sheasann amach faoi Phrótacal Kyoto, i gcomparáid leis an gCoinbhinsiún Creata a spreag astuithe gáis an cheaptha teasa a laghdú, ná go bhfuil spriocanna éigeantacha ag an bPrótacal chun na hastuithe a laghdú sna geilleagair is mó ar domhan. Tugtar tíortha larscríbhinn B ar na tíortha tionsclaíocha agus na hiarthíortha Sóivéadacha atá ag athrú go geilleagar an mhargaidh.<sup>2</sup> Tá spriocanna idir laghdú 8 faoin gcéad ar an ardú 10 faoin gcéad ar astuithe 1990, chun astuithe a laghdú 5 faoin gcéad faoi leibhéal 1990. Is é tréimhse na spriocanna seo 2008 go 2012.



## SPRIOCANNA ASTUITHE GÁS CEAPTHA TEASA KYOTO

Tír	Aimseofar sprioc do 2008-2012 trí thagairt a dhéanamh do leibhéal 1990.
An Bhulgáir, Poblacht na Seice, An Eastóin, Laitvia, Lichtinstéin, An Liotuáin, Monacó, An Rómáin, An tSlóvaic, An tSlóivéin, An Eilvéis agus AE-15 <sup>3</sup>	% -8
Stáit Aontaithe <sup>4</sup>	-7
Ceanada, An Ungáir, An tSeapáin agus an Pholainn	-6
An Chróit	-5
An Nua-Sheáilainn, Cónaidhm na Rúise agus An Úcráin	0
An Iorua	+1
An Astráil	+8
An Íoslainn	+10



# AN TAONTAS EORPACH AGUS PRÓTACAL KYOTO

Tá comhaontú ualach-roinnte inmheánach ag na AE-15 maidir lena sprioc um laghdú astaíochtaí de 8 faoin gcéad a bhaint amach trí spriocanna éagsúla a leithdháileadh ar a Bhallstáit. Is é sprioc na Éireann ná astaíochtaí de níos mó ná 13 faoin gcéad os cionn leibhéal 1990 a bhaint amach. Is iad sonraí le haghaidh na AE-15 ná:

Tír	Aimseofar sprioc do 2008-2012 trí thagairt a dhéanamh do leibhéal 1990.
	%
An Ostair	-13.0
An Bheilg	-7.5
An Danmhairg	-21.0
An Fhionlainn	0.0
An Fhrainc	0.0
An Ghearmáin	-21.0
An Ghréig	25.0
Éire	13.0
An Iodáil	-6.5
Lucsamburg	-28.0
An Ísiltír	-6.0
An Phortaingéil	27.0
An Spáinn	15.0
An tSualainn	4.0
An Ríocht Aontaithe	-12.5
AE-15	-8.0



Chinn AE-15, mar chuid lárnach dá bheartas aeráide, gur chóir scéim "cap and trade" a bhunú don Eoraip ar fad i leith údar an truaillithe – Scéim Trádála Astuithe an Aontais Eorpaigh (EU ETS). Faoin scéim, rialáítear astuithe carbóin thart ar 12,000 suiteáil san AE. Glacann breis agus 100 suiteáil páirt sa scéim in Éirinn.

# AN TAONTAS EORPACH AGUS PRÓTACAL KYOTO



## Astuithe an AE

### EARNÁIL INTRÁDÁLA

#### Scéim Trádála Astuithe an AE

#### 46% d'astuithe CO<sub>2</sub> an AE

- suiteálacha dócháin > aschur 20MW
- iarann agus cruach
- scaglann ola
- suimint, aol, gloine, criadóireacht
- laíon / páipéar

### EARNÁIL NEAMH-THRÁDÁLA

#### 54% d'astuithe CO<sub>2</sub> an AE

- Cónaitheach
- Córais iompair
- Talmhaíocht
- etc

Is í an scéim seo an scéim trádála astuithe ilnáisiúnta is mó ar domhan. Cuireann sí teorainn leis na hastuithe ó suiteálacha ar leith. Tugtar liúntais do na suiteálacha – **Liúntais an Aontais Eorpaigh (EUAs)** – a cheadaíonn dóibh astuithe go leibhéal áirithe a scaoileadh amach. Má scaoileann na suiteálacha le hastuithe os cionn a liúntais caithfidh siad creidmheasanna a cheannach. Féadfaidh siad siúd nach n-úsáideann a liúntas ar fad an fuilleach a dhíol. Don tréimhse 2008–2012, roinntear na liúntais de réir tíre ag brath ar Phlean Náisiúnta Leithdháilte na tíre.

Leis an moilliú i ngeilleagar na hEorpa tá laghdú tagtha ar astaíochtaí carbóin i measc bhail ETS an AE. Le linn 2009 d'éirigh sé soiléir go mbeadh fuilleach de EUAanna ag ETS an AE don tréimhse go dtí 2012.<sup>5</sup> Léiríodh é seo sa suirbhé ar Charbón Pointe a foilsíodh ar an 3 Márta 2010<sup>6</sup> áit ar dhúirt 28% d'fhaighteoirí go mbeadh fuilleach EUA ag a gcuideachta sa tréimhse 2008-2012. Tá sé seo i gcodarsnacht le 15% d'fhreagróirí in 2008 a mheas go mbeadh fuilleach acu sa tréimhse. Tá éileamh go fóill san earnáil cumhachta/teasa le haghaidh EUAanna agus tá laghdú suntasach tagtha ar na hearnálacha stroighne/aoil/gloine agus páipéar maidir lena n-astaíochtaí carbóin.

In Éirinn tá laghdú tagtha ar astaíochtaí san earnáil trádála. Léiríonn sonraí a chuir an Gnómh Aireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) isteach chuig Choimisiún an Aontais Eorpaigh go bhfuil astaíochtaí gáis cheaptha teasa in 2009 le haghaidh cuideachtaí in Éirinn arna gclúdach ag an EUETS os cionn 15% níos ísle ná an bhliain roimhe sin, a léiríonn dianacht an mhoillithe ar an ngeilleagar.<sup>7</sup> D'astaigh cuideachtaí Éireannach san ETS 22.42 milliún tona de choibhéisí CO<sub>2</sub> in 2005 ach tá sé seo laghdaithe go dtí 17.22 milliún tona in 2009 i leith leithroinnte de 19.97milliún tona CO<sub>2</sub>.

<sup>5</sup> De bharr fullligh de EUAanna i gcéad chéim tástála ETS an AE tharla leacú ina bpraghas ach ní dócha go dtarlóidh sé seo an t-am seo toisc gur féidir fuilleach ar bith a chur sa bhanc lena úsáid san iarthréimhse 2010.

<sup>6</sup> Féach: <http://www.pointcarbon.com/research/carbonmarketresearch/analyst/1.1414367>

<sup>7</sup> Féach: <http://www.epa.ie/news/pr/2010/april/name,27984,en.html>

# ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPHA TEASA IN ÉIRINN IN 2008

Ba ionann astaíochtaí gás ceaptha teasa (GHG) in 2008 agus 67.44 milliún tona de choibhéis dé-ocsaíd charbóin, agus tá sé sin 0.3 faoin gcéad níos ísle ná an leibhéal astaíochtaí in 2007.<sup>8</sup> D'eisigh an EPA sraith ama leasaithe d'astaíochtaí GHG i mí Aibreáin 2010 a bhí ag gabháil le meastachán na hÉireann maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa le haghaidh 2008. Is iad feabhsuithe i modheolaíocht le haghaidh na n-earnálacha Fuinnimh agus Dramhaíola atá mar bhunús leis an tsraith ama leasaithe. Laghdóidh éifeacht na n-athruithe modheolaíocha seo astaíochtaí le 0.56 milliún tona de choibhéis CO<sub>2</sub> in 1990 agus le 1.56 milliún tona de choibhéis CO<sub>2</sub> in 2008.

Ar leithligh ó na laghduithe a tharla as feabhsuithe i modheolaíocht, bhí an laghdú iarbhír bliain ar bhliain in astaíochtaí de 0.21 milliún tona i bhfocail an EPA "go mealltach beag nuair a bhreathnaítear air i bhfianaise an choir chun donais i ngníomhaíocht eacnamaíoch ag a raibh iarmhairt cheana le linn 2008 agus an iarmhairt thosaigh ionchais maidir leis na bearta a glacadh cheana faoi straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide".<sup>9</sup>

## Foinsí astuithe gáis an cheaptha teasa in Éirinn in 2008

	%
Talmhaíocht	27.3
Fuinneamh	21.8
Iompar	21.1
Tionscal agus Tráchtáil	16.9
Cónaitheach	11.2
Dramháil	1.6
Iomlán	100

Tá sé tuartha go léireoidh sonraí le haghaidh 2009, nuair a fhoilseofar iad, laghdú suntasach in astaíochtaí a léiríonn na sonraí a foilsíodh cheana le haghaidh cuideachtaí san ETS.



8 Sa Tuarascáil maidir leis an gCiste Carbóin do 2008 measadh astaíochtaí 2007 ag 69.2 milliún tona de choibhéis dé-ocsaíd charbóin. Féach: <http://www.epa.ie/downloads/pubs/air/airemissions/name,25283,en.html> Leasaíodh é seo go dtí 67.6 milliún tona  
9 Foins: [http://www.epa.ie/downloads/pubs/air/airemissions/GHG\\_Final2008\\_150410.pdf](http://www.epa.ie/downloads/pubs/air/airemissions/GHG_Final2008_150410.pdf). Tugann an doiciméad seo níos mó sonraí ar astaíochtaí in 2008 chomh maith.



# STRAITÉIS NA HÉIREANN MAIDIR LE PRÓTACAL KYOTO A CHOMHLÍONADH

Tá straitéis na hÉireann chun sprioc Kyoto astuithe ceaptha teasa a laghdú leagtha amach sa *Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007–2012*, a foilsíodh in Aibreán 2007.<sup>10</sup>

Is é sprioc na hÉireann faoi Phrótacal Kyoto na hastuithe bliantúla a laghdú idir 2008–2012 go 13 faoin gcéad os cionn 55.60 milliún tona CO<sub>2</sub>.<sup>11</sup> Dá réir sin, is é teorainn na hÉireann don tréimhse 2008–2012 ná 314.180 milliún tona, nó 62.836 milliún tona ar an meán sa bhliain. Meastar mar gheall ar thomhais a tógadh cheana go laghdófar astuithe 8 milliún tona sa bhliain. Mar sin féin, cheal comhaontú ar pholasaithe agus ar bheartais bhreise, bhíothas ag tuar go sáródh Éire a dualgas faoi phrótacal Kyoto faoi 8.4 milliún tona astuithe ar an meán gach bliain.

Déanann an tábla ar an leathanach seo achoimre ar na bearta a mbainfí úsáid astu chun sprioc na hÉireann do Kyoto, a bhfuil cur síos air sa *Straitéis Náisiúnta d'Athrú Aeráide 2007–2012*<sup>12</sup>, a bhaint amach.

Ainmníodh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta mar ghníomhaire ceannaigh don Stát chun na creidmheasanna atá ag teastáil le haghaidh 3.6 milliún tona d'astuithe gás ceaptha teasa ar an meán maidir le gach bliain den tréimhse 2008–2012 de réir Mheicníochtaí Solúbtha Phrótacal Kyoto<sup>13</sup> a fháil. Measadh go mbeadh creidmheasanna do 18 milliún tona ag teastáil don tréimhse sin.

Tá na figiúirí sin leasaithe síos anois le héifeacht an choir chun donais eacnamaíoch ar astaíochtaí gás ceaptha teasa in Éirinn a léiriú agus an éifeacht na bhfeabhsuithe modheolaíoch a léiriú. Iarradh ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil anailís íogaireachta a dhéanamh a d'fhéadfadh léiriú níos fearr a thabhairt ar an staid eacnamaíoch athraithe. Rinneadh an anailís seo, bunaithe ar chás Thurraing Eacnamaíoch na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES), a fhoilsíú i mí an Mhárta 2009. I mí Aibreáin 2010 d'fhoilsigh an EPA *Ireland's greenhouse gas projections up to 2020*.<sup>14</sup> Cinneadh ann go, tríd an gcás laghdaithe is uailmhianá a chur i bhfeidhm, go laghdódh riachtanas an Rialtais maidir le creidmheasanna carbóin a cheannach suas le .5 milliún tona de choibhéisí CO<sub>2</sub> in haghaidh na bliana le haghaidh gach bliana den chúig bliana 2008- 2012 i gcomparáid leis an 3.6 milliún tona in aghaidh na bliana a bhí tuartha sa Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide.

I bhfianaise na meastachán athbhreithnithe seo ar riachtanas an Rialtais creidmheasanna carbóin a cheannach, tá an cinneadh déanta gan aon chreidmheas carbóin eile a cheannach faoi láthair.



Ar an meán sa bhliain 2008 – 2012 (Milliún Tona CO <sub>2</sub> )	
<b>Sprioc Kyoto</b>	62.8
Astuithe Gás Ceaptha Teasa a mheastar i ndiaidh na mbeart atá déanta cheana féi	71.2
<b>Achar go Sprioc Kyoto</b>	8.4
<b>Bearta breise chun Sprioc Kyoto a bhaint amach</b>	
(1) Laghdú astuithe ag:	
(a) Rannpháirtithe Scéim Trádála Astuithe an AE	0.9
(b) Earnáil neamh-intradála an gheilleagair (lena n-áirítear bearta breise)	1.9
(2) Ceannach liúntas agus creidmheasanna (nó laghduithe eile):	
(a) Rannpháirtithe Scéim Trádála Astuithe an AE	2.0
(b) An Rialtas	3.6
<b>Iomlán</b>	8.4

10 Tá an tuarascáil iomlán a d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le fáil ar <http://www.environ.ie/en/Environment/Atmosphere/ClimateChange/NationalClimateChangeStrategy>

11 Tá meastachán na hÉireann bunaithe ar shuíomh na n-astuithe ó dhé-ocsaid charbóin, meatáin agus ocsaíd nítríúil i 1990 agus gás flúairín i 1995 (Foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Preasráiteas an 15 Eanáir 2008).

12 Foinse: *Plean Náisiúnta Leithdháilte d'Éirinn i dtaca le Trádáil Astuithe 2008-2012*, An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 4 Márta 2008.

13 Féach larscríbhinn 3 ar An Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide in Aguisín 2

14 Féach : <http://www.epa.ie/news/pr/2010/april/name,28091,en.html>

# MEICNÍOCHTAÍ SOLÚBTHA

Cuid lárnach de Phrótacal Kyoto na Meicníochtaí Solúbtha mar gheall go bhfuil an buntáiste céanna don chomhshaol ag laghdú astuithe is cuma cén chaoi a laghdaítear iad. Féadfaidh tíortha a gcuid spriocanna a bhaint amach, dá bhrí sin, trí íoc as astuithe carbóin a laghdú i dtíortha eile. Leis na meicníochtaí feictear deiseanna leis an gcostas is ísle chun astuithe a laghdú agus an sprioc a bhaint amach ar an mbealach is éifeachtaí. Tugann siad an teicneolaíocht is nuai chun tíortha i mbéal forbartha chomh maith. Is iad na Meicníochtaí Solúbtha:

- 1 **Meicníocht Forbairt Ghlan (CDM)**, trínar féidir creidmheasanna a fháil ó urraíocht a thabhairt do thionscadail a laghdaíonn astuithe i dtíortha i mbéal forbartha agus na creidmheasanna sin a úsáid chun oibleagáidí Kyoto an urraitheora a laghdú ina dtír féin. **Laghdú Deimhnithe Astuithe** iad na creidmheasanna seo;
- 2 an **Meicníocht Cur-i-ngníomh Comhoibrithe (JI)** – cuireann tír larscríbhinn B tionscadal i ngníomh i dtír eile larscríbhinn B.<sup>15</sup> **Aonaid Laghdú Astuithe (ERUs)** iad na creidmheasanna seo; agus
- 3 **Trádáil Idirnáisiúnta Astuithe** – féadfaidh tíortha creidmheasanna carbóin a cheannach ó thíortha eile a bhfuil a n-astuithe faoi sprioc an Phrótacail. Is **Aonad Méid Sannta (AAU)** an t-aonad intrádála. AAU na haonaid a thugtar do gach Rialtas faoi Phrótacal Kyoto a léiríonn na hastuithe iomlána atá ceadaithe do thír. Is liúntais astuithe **Liúntais an Aontais Eorpaigh (EUAs)** a thugtar do shuiteálacha atá páirteach i Scéim Trádála Astuithe an AE agus atá mar chuid de AAU thíortha an AE-15.

Is ionann CER, ERU agus AAU agus tona amháin astuithe dé-ocsaíd charbóin agus d'fhéadfaí iad a thabhairt ar ais chun oibleagáidí Phrótacal Kyoto a chomhlíonadh. Tagraítear dóibh seo ar fad mar **Aonaid Kyoto** san Acht um an gCiste Carbóin 2007.



Bhí imní á léiriú gurb é an éifeacht a bheadh ag na Meicníochtaí Solúbtha ar deireadh go mbeadh cead ag na tíortha tionsclaíocha “an ceart a bheith i mbun truaillithe a cheannach”. Tugadh aghaidh ar an imní seo i **gComhaontuithe Marrakesh** in 2001 a leag amach na rialacha d’fheidhmiú Phrótacal Kyoto. De réir na rialacha seo, ní mór na Meicníochtaí Solúbtha a úsáid chun cur leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag gach tír chun a hastuithe féin a laghdú. Ní fhéadfaidh tíortha na meicníochtaí a úsáid ach nuair a shásóidh a bpleananna náisiúnta chun sprioc Kyoto a bhaint amach agus cur-i-bhfeidhm na bpleananna sin **Coiste Comhlíonta Phrótacal Kyoto**.<sup>16</sup>

Léiríodh imní chomh maith faoin gcaoi a bhféadfaí a chinntiú go raibh na tionscadail éagsúla ag laghdú astuithe. Bunaíodh comhlachtaí NA chun a chinntiú go raibh aonaid a cruthaíodh faoi na Meicníochtaí Solúbtha ag léiriú go raibh astuithe á laghdú agus nach mbeidís ann murach na tionscadail. Mar shampla, bainistíonn Bord Feidhmiúcháin CDM an **Mheicníocht Forbairt Ghlan (CDM)**. Caithfidh Bord Feidhmiúcháin CDM gach tionscadal agus a mhodheolaíocht chun laghdú astuithe a mheasúnú a cheadú. Déantar tionscadail a mhaoirsiú ar feadh an achair agus déanann Bord Feidhmiúcháin CDM na laghduithe deiridh a dheimhniú. Ní úsáidtear aonaid laghduithe astuithe chun críocha riachtanais Phrótacal Kyoto a chomhlíonadh ach nuair a eisíonn Bord Feidhmiúcháin CDM teastais de na haonaid sin. Maoirsíonn **Coiste Maoirseachta an Chur-i-nGníomh Comhoibrithe** na haonaid a ghintear faoin meicníocht sin.

<sup>15</sup> Féach Fonóta 2 agus Aguisín 1 le haghaidh sonraí ar thíortha larscríbhinn B.

<sup>16</sup> Féach 8 [http://unfccc.int/kyoto\\_protocol/compliance/items/2875.php](http://unfccc.int/kyoto_protocol/compliance/items/2875.php) le haghaidh sonraí agus samplaí ar rialú le déanaí.



# AN MARGADH IN AONAIÐ MHEICNÍOCHTA SOLÚBTHA

As na Meicníochtaí Solúbtha, is é an ceann is forbartha ná an margadh CDM áit a bhfuil 2,246 tionscadal cláraithe amhail lár na Bealtaine 2010.<sup>17</sup> I gcomparáid leis sin, tá 178<sup>18</sup> tionscadal JI cláraithe (suas ó 38 tionscadal cláraithe faoi dheireadh mí an Mheithimh 2009). Mar thoradh ar líon na dtionscadal CDM, tá níos mó soiléireachta maidir leis na modheolaíochtaí agus na nósanna imeachta a leanúint d'fhonn go n-eiseofar CERanna. Dhiúltaigh Bord Feidhmiúcháin an CMD CERanna a eisiúint áit nach raibh sé sásta go bhfuil an plean monatóireachta de réir na modheolaíochta a faomhadh.<sup>19</sup>

Tá os cionn 420 milliún CER ginte ag an 2,246 tionscadal a faomhadh go dtí seo, i gcomparáid le 288 milliún bliain ó shin, agus tá sé tuartha go nginfidh siad 1.79 billiún eile CER sa tréimhse 2012.<sup>20</sup>

Faoi mar a thaispeánann an dá chart a leanas, cé go bhfuil scaipeadh measartha leathan de thionscadail CDM i measc na tíortha áichta, tá na tionscadail mhóra sa tSín den chuid is mó. Tá an tír sin ina foinse is mó de CERanna dá réir sin.<sup>21</sup>

**Dáileadh CER bliantúil ar an meán ó thionscadail chláraithe de réir tíre** <sup>22</sup>



**Dáileadh na dtionscadal cláraithe CDM de réir tíre**

17 Foinse: <http://cdm.unfccc.int/index.html>

18 Foinse: [http://ji.unfccc.int/JI\\_Projects/ProjectInfo.html](http://ji.unfccc.int/JI_Projects/ProjectInfo.html)

19 Féach láithreán gréasáin na NA <http://cdm.unfccc.int/issuance/index.html> le haghaidh tuilleadh sonraí.

20 Foinse: <http://cdm.unfccc.int/index.html>

21 Tugann an léarscáil idirghníomhach ar láithreán gréasáin CDM na NA sonraí ar shuíomh agus nádúr thionscadail CDM.


22 Féach <http://cdm.unfccc.int/Projects/MapApp/index.html>



## AN MARGADH IN AONAIÐ MHEICNÍOCHTA SOLÚBTHA

Tá sé suimiúil chomh maith a thabhairt faoi deara nach iontas ar bith é gurb í an earnáil Fuinnimh an earnáil cheannasach maidir le tionscadail chláráithe agus tá roinnt tionscadal aitheanta ann cosúil leis an earnáil Tógála agus Dáilte Fuinnimh nach bhfuil tionscadail ar bith acu. Léiríonn sé seo an deacracht a bhaineann le feabhsuithe in astaíochtaí i gcuid de na hearnálacha a fhíorú.

### Dáileadh gníomhaíochtaí tionscadal cláráithe trí scóip



Is féidir CERanna a fháil trí infheistíocht a dhéanamh go díreach i dtionscadail, nó i gcistí a infheistíonn i dtionscadail, nó trí CERanna atá eisithe agus deimhnithe cheana ag Bord Feidhmiúcháin an CDM a cheannach. Baineann riosca le hinfeistíocht a dhéanamh i dtionscadal a bhíonn ag an gcéim luath dá fhorbairt nach ndéanfaí an tionscadal a fhaomhadh nó go mbeadh an líon d'aonaid deimhnithe a ghinfí as níos lú ná an méid an líon a bhí tuartha. D'fhonn na rioscaí sin a laghdú, tá infheistíocht déanta ag Éirinn i dtrí chiste a úsáideann saeolas an Bhainc Dhomhanda agus an Bhainc Eorpaigh Athfhoirgníochta agus Forbartha (EBRD) le hinfeistíocht a dhéanamh i líon tionscadal.

D'fhorbair an margadh i CERanna go suntasach in 2008 de réir mar a mhéadaigh méideanna agus de réir mar a d'éirigh doiciméid dhlíthiúla le haghaidh aonaid a thrádáil níos caighdeánaí. Le méid méadaithe, bhíothas ábalta todhchaíochtaí a fhorbairt ar mhalartáin cosúil le ECX agus Bluenext. Bhí sé sonraíoch in 2009 gur éirigh malartáin ceannasach ar an margadh trí thrádáil. I gcomparáid le 2008 nuair a bhí méideanna chor a bheith cothrom sna trádálacha Malartáin agus neamh-mhalartáin, in 2009 bhí méid na Malartáin méid amháin go leith níos mó. Chuir fás na dtodhchaíochtaí le trédharcacht agus le leachtacht an mhargaidh.

## MAOINIÚ LE CREIDMHEAS CARBÓIN A CHEANNACH

Maoinítear creidmheasanna carbóin ón gCiste Láir go dtí an Ciste Carbóin. Déantar foráil i Vóta bliantúil na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an Ciste Láir a aisíoc.

Sa *Phlean Forbartha Náisiúnta 2007–2013* gheall an Rialtas 270 milliún chun creidmheasanna carbóin a cheannach sa tréimhse 2008–2012. Sin sa bhreis ar infheistíocht 20 milliún in 2006.



# INFHEISTÍOCHTAÍ NA HÉIREANN

Go dtí seo, tá infheistíochtaí déanta ag an Rialtas i dtí chiste a infheistíonn i dtionscadail le laghdúithe astaíochtaí carbóin a bhaint amach.<sup>23</sup> Ba é an chéad cheann ná infheistíocht de €20 milliún a rinneadh i mí na Nollag 2006 sa **Chiste Iltaobhach um Chreidmheas Carbóin (MCCF)**<sup>24</sup> de chuid an Bhainc Eorpaigh Athfhoirgníochta agus Forbartha (EBRD). Rinneadh dhá cheangaltas eile de €10 milliún agus \$12.88 milliún (thart ar €9.3 milliún.) faoi seach le **Ciste Carbóin an Bhainc Dhomhanda don Eoraip** agus le **Ciste Bithcharbóin an Bhainc Dhomhanda**.

Bhunaigh an EBRD an Ciste Iltaobhach Creidmheas Carbóin i gcomhar leis an mBanc Infheistíochta Eorpach (EIB) i mí na Bealtaine 2006. Is é aidhm an chiste *“tionscadail a spárálann fuinneamh sna tíortha EBRD a chur chun cinn agus ag an am céanna cabhrú leis na tíortha sin agus na cuideachtaí corparáideacha a cheannaíonn creidmheasanna carbóin chun a spriocanna laghdú astuithe a bhaint amach”*.<sup>25</sup> Tá na tionscadail le fáil sna 27 tír EBRD i lár agus in oirthear na hEorpa agus Comhlathas na Stát neamhspleách. Tá an €20 milliún a gealladh íochta leis an EBRD. Baineann an ciste úsáid as meicníochtaí solúbtha an JI agus an CDM araon.

Déanann an Banc Dhomhanda agus an EIB an Ciste Carbóin a chomhbhainistiú, agus lainseáladh é i mí an Mhárta 2007. Faigheann an ciste seo, atá dírithe i dtreo infheistíochtaí a fháil ó Bhallstáit an AE, creidmheasanna um laghdú gás ceaptha teasa thar ceann na rannpháirtithe ag úsáid shaineolas agus thaithí an Bhainc Dhomhanda agus píblíne mórthionscadal an EIB i dtíortha atá i mbéal forbartha. Is iad na cúig rannpháirtí sa chiste ná Éire, Lucsamburg, an Phortaingéil, Réigiún Pléimeannach na Beilg agus Stakraft Carbon Invest AS (an Iorua). As an t€10 milliún tiomanta don Chiste seo, rinneadh €4.1 milliún de a íoc sa tréimhse óna lainseáil go 31 Nollaig 2009.

Ciste de chuid an Bhainc Dhomhanda an Ciste Bithcharbóin a bhfuil sé mar aidhm leis astuithe a laghdú agus bithéagsúlacht, caomhnú agus laghdú bochtaineachta a chur chun cinn. Is iad aidhmeanna an Chiste:

- (a) acmhainní a thabhairt do thionscadail
  - (i) a laghdóidh astuithe; agus
  - (ii) a léireoidh an chaoi a bhféadfadh úsáid talún agus gníomhaíochtaí foraoise buntáistí breise a chruthú a d'fhéadfadh forbairt inmharthana a thomhas, a scrúdú, a dheimhniú agus a fheabhsú sna tíortha óstacha;
- (b) iarracht a dhéanamh cothromaíocht a fháil idir rannpháirtithe agus na tíortha óstacha ó thaobh buntáistí, lena n-áirítear laghdú astuithe mar gheall ar na tionscadail; agus
- (c) an t-eolas ó fhorbairt an Chiste agus cur-i-bhfeidhm na dtionscadal a scaipeadh go forleathan..

Tá tionscadail atá i mbéal forbartha sa tSín, san India, i bPoblacht na Círgise, an Mholdóiv, an tSile, Congó, Meicsiceo, Oileáin na Tríonóide agus Tobága agus Poblacht Phanama. Tá Éire tiomanta do \$ SA 12.88 milliún a infheistiú sa dara tráinse den Chiste Bithcharbóin a thosaigh ar oibríochtaí i mí an Mhárta 2007 agus ag a bhfuil caipiteal iomlán de \$ SA 38.1 milliún. Íocadh díreach os cionn \$ SA 1.93 milliún den cheangaltas seo ó cuireadh tús leis an gciste suas go dtí 31 Nollaig 2009.

<sup>23</sup> Bhí sé seo roimh bhunú Chiste Carbóin na hÉireann ag an Acht um an gCiste Carbóin 2007. Tá an infheistíocht á riar ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil.

<sup>24</sup> Tá an Banc Eorpach Infheistíocht ina pháirtí leis an EBRD maidir leis an MCCF a bhainistiú; Tá comhaontú na hÉireann leis an EBRD amháin.

<sup>25</sup> Luachan ó Uachtarán an EBRD, Jean Lemierre, ag lainseáil an Chiste, 22 Bealtaine 2006.

<sup>26</sup> Is é Comhlathas na Stát Neamhspleách an eagraíocht idirnáisiúnta ina bhfuil an t-aon phoblacht Sóivéadach déag: An Airméin, An Asarbaiseáin, An Bhealarúis, An tSeoirsia, An Chasacstáin, An Chirgeastáin, An Mholdóiv, An Rúis, An Táidsíceastáin, An Úcráin agus An Éisbéiceastáin.

## INFHEISTÍOCHTAÍ NA HÉIREANN



Tá ceithre Chomhaontú Ceannaigh do Laghdú Astuithe déanta ag an gCiste Carbóin don Eoraip, agus tá péire déanta ag an gCiste Iltaobhach um Chreidmheas Carbóin. Tá súil ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, bunaithe ar réamh-mheastacháin na mbainisteoirí ciste a bhfuil coigeartú déanta orthu do riosca, go mbeidh thart ar 3 milliún Aonad Kyoto le fáil ón mBanc Domhanda agus ón mBanc Eorpach um Athfhoirgníocht agus Forbairt sa tréimhse 2008–2012.

In 2008 chuir an NTMA tús lena cheannach d'aonaid charbóin. Cinneadh CERanna a cheannach de bhrí gurbh é an margadh sna aonaid seo an ceann ba fhorbartha agus ba thrédhearcaí. Bhí an ceannach a rinneadh in 2008 sonraithe sa Tuarascáil maidir leis an gCiste Carbóin 2008. Go luath in 2009 rinneadh ceannach eile de 0.9 milliún aonad carbóin. I bhfianaise an mhoillithe i ngeilleagar na hÉireann agus an mheastacháin leasaithe ina dhiaidh sin ar an ngá le hÉirinn creidmheasanna carbóin a cheannach cinneadh ceannach na gcreidmheasanna a stopadh don am i láthair. Dá réir sin níor ceannaíodh creidmheasanna carbóin ar bith ó thús mhí Feabhra 2009. Go hiomlán, bhí 21 trádáil ina ndearna Éire conradh le 5.255 milliún CER a cheannach ag meánphraghas de €14.03 (gan CBL san áireamh).







## Tíortha Phrótacal Kyoto in Iarscríbhinn B

### Páirtí

Tiomantas do theorannú nó laghdú  
cainníochtaithe ar astuithe, agus é curtha in iúl  
mar chéatadán d'astuithe sa mbonnbhliain 1990

An Astráil	108
An Ostair+	92
An Bheilg+	92
An Bhulgáir*	92
Ceanada	94
An Chróit*	95
Poblacht na Seice*	92
An Danmhairg+	92
An Eastóin*	92
An tAontas Eorpach (AE-15)	92
An Fhionlainn+	92
An Fhrainc+	92
An Ghearmáin+	92
An Ghréig+	92
An Ungáir*	94
An Íoslainn	110
Éire+	92
An Iodáil+	92
An tSeapáin	94
An Laitvia*	92
Lichtinstéin	92
An Liotuáin*	92
Lucsamburg+	92
Monacó	92
An Ísiltír+	92
An Nua-Shéalainn	100
An Iorua	101
An Pholainn*	94
An Phortaingéil+	92
An Rómáin*	92
Cónaidhm na Rúise*	100
An tSlóvaic*	92
An tSlóivéin*	92
An Spáinn+	92
An tSualainn+	92
An Eilvéis	92
An Úcráin*	100
An Ríocht Aontaithe+	92
Stáit Aontaithe Mheiriceá (ní thagann i gceist)	93

\* Iarthíortha Sóivéadacha, den chuid is mó, atá ag athrú go geilleagar margaidh

+ Féach leathanach 7 chun sonraí a fháil faoin gcomhaontú atá idir tíortha AE-15 an t-ualach a roinnt.

**Iarscríbhinn 3 den *Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007- 2012*: Foilsithe ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (Aibreán 2007)**

### **IARSCRÍBHINN 3 – BEARTAS NÁISIÚNTA CHUN GO GCEANNÓIDH AN STÁT AONAIID KYOTO**

**CREAT NÁISIÚNTA BEARTAIS CHUN GO GCEANNÓIDH AN STÁT AONAIID KYOTO CHUN PRÓTACAL KYOTO A CHOMHLÍONADH SA TRÉIMHSE 2008-2012**

#### **Réamhrá**

De réir na cáipéise tá cosruithe institiúideacha agus comhthéacs beartais in Éirinn agus ceannófar dóthain Aonaid Kyoto<sup>27</sup> chun sprioc Phrótacal Kyoto a bhaint amach sa tréimhse 2008-2012.

#### **Cúlra**

Chun críocha Phrótacal Kyoto, tá sé geallta ag Éirinn astuithe bliantúla don tréimhse 2008-2012 a choinneáil ag 13% os cionn leibhéal 1990.

Féadfaidh páirtithe Phrótacal Kyoto a spriocanna aonair a bhaint amach ina dtíortha féin nó trí mheicníochtaí solúbtha a úsáid sa Phrótacal. Faoi bPrótacal caithfear na meicníochtaí solúbtha a úsáid sa bhreis ar ghníomhaíochtaí sa tír féin.

Cuireann an *Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012* an creat náisiúnta beartais ar fáil chun astuithe a laghdú agus a chinntiú go mbainfidh Éire a sprioc faoi Phrótacal Kyoto amach.

Chinn an Rialtas meicníochtaí solúbtha Phrótacal Kyoto a úsáid chun 3.607 milliún Aonaid Kyoto a cheannach do gach bliain sa tréimhse 2008-2012. Déanfar an méid seo a athbhreithniú má mheastar gur gá amach anseo nó aon tionchar a bheadh ag bearta breise chun astuithe a laghdú.

#### **Meicníochtaí Solúbtha Phrótacal Kyoto**

Cuid lárnach de Phrótacal Kyoto na trí Mheicníocht Sholúbtha a tugadh isteach chun na costais a íslíú a bhainfeadh le hastuithe a laghdú ar na Páirtithe a raibh spriocanna le baint amach acu.

Déantar cur síos thíos ar na meicníochtaí seo – Cur-i-ngíomh comhoibrithe, Forbairt Ghlan agus Trádáil Astuithe Idirnáisiúnta. Faoi na meicníochtaí seo

féadfaidh Páirtithe Aonaid Kyoto a cheannach ó Pháirtithe eile nó infheistiú i ndeiseanna costéifeachtacha chun astuithe a laghdú nó forlámhú sna tionscadail i dtíortha eile a mhéadú. Cé nach é an costas céanna a bhaineann le hastuithe a laghdú in aon tionscadal ná in aon tír beidh an éifeacht chéanna ag astuithe laghdaithe ar an atmaisféar is cuma cá dtarlaíonn sé.

**Faoi gCur-i-ngíomh Comhoibrithe (JI):** faoi Airteagal 6 den Phrótacal, féadfaidh Páirtithe tionscadail a chur i bhfeidhm a laghdaíonn astuithe do Pháirtithe eile, ach creidmheas a fháil air. Féadfaidh na Páirtithe ansin na creidmheasanna sin a úsáid chun a spriocanna féin a chomhlíonadh. Is é an t-aonad intrádála faoin meicníocht JI an tAonad Laghdú Astuithe (ERU).

**Faoi Meicníocht Forbairt Ghlan (CDM):** faoi Airteagal 12 den Phrótacal, féadfaidh Páirtithe páirt a ghlacadh i dtionscadail a laghdaíonn astuithe nó cur le forlámhú sna Páirtithe nach bhfuil spriocanna acu faoi bPrótacal. Tá an mheicníocht dírithe den chuid is mó ar thíortha i mbéal forbartha chun cabhrú leo forbairt inmharthana a dhéanamh trí theicneolaíocht ghlan éifeachtach mar shampla. Féadfaidh an Páirtí creidmheasanna ón meicníocht CDM a úsáid chun spriocanna a bhaint amach. Is é an t-aonad intrádála faoin meicníocht CDM an Laghdú Deimhnithe Astuithe (CER).

**Leis an Trádáil Astuithe Idirnáisiúnta:** faoi Airteagal 17 de Phrótacal Kyoto,<sup>28</sup> féadfaidh Páirtithe a bhfuil spriocanna le baint amach acu faoi bPrótacal Aonaid Kyoto a fháil ó na Páirtithe sin a bhfuil a spriocanna faoi bPrótacal sáraithe acu. Is Aonad Méid Sannta (AAU) an t-aonad intrádála faoi thrádáil astuithe..

#### **Pointe Náisiúnta Fócais do JI agus Údarás Náisiúnta do CDM**

Riachtanas amháin do Pháirtithe i bPrótacal Kyoto Pointe Fócais agus Údarás Náisiúnta a ainmniú do na meicníochtaí JI agus CDM. Faoi na Rialacháin um Shásraí Solúbtha Phrótacal Kyoto 2006 (I.R. 244 de 2006), tá an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ceaptha ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil mar Phointe Fócais agus mar Údarás Náisiúnta in Éirinn. Is é ról na Gníomhaireachta rannpháirtíocht aonáin phríobháideacha nó phoiblí sna gníomhaíochtaí JI nó CDM a cheadú. Foilseoidh an Gníomhaireacht treoirilinte do na nósanna imeachta ionas go bhféadfaidh aonáin na hÉireann páirt a ghlacadh i dtionscadail JI agus CDM. Is ag an nGníomhaireacht a bheas an cinneadh deiridh maidir le tograí aonair páirt a ghlacadh sna tionscadail JI nó CDM. Caithfear cead a fháil chomh maith páirt a ghlacadh sa tionscadal sa tír óstach.

<sup>27</sup> Creidmheas nó líuntas, cothrom le tona amháin dé-ocsaíd charbóin, eisithe de bhun Phrótacal Kyoto agus na cinntí a dhéanfar de bhun Choinbhinsiún Creat na Náisiún Aontaithe um Athrú Aeráide agus an Prótacal. Is ionann creidmheas agus tona dé-ocsaíd charbóin am éigin amach anseo.

<sup>28</sup> Ní mar a chéile trádáil astuithe faoi Airteagal 17 de Phrótacal Kyoto agus Scéim Trádála Astuithe an AE. Féadfar creidmheasanna ón JI nó CDM a úsáid sa Scéim, áfach, chun a n-oidheagáid a chomhlíonadh go pointe áirithe, a shonrófar sa Phlean Náisiúnta Leithdháilte do gach Ballstát

## Clár a bhunú faoi Phrótacal Kyoto

Faoi réir chinntí na bPáirtithe i bPrótacal Kyoto, féadfar clár náisiúnta a bhunú faoi Rialachán 2006 (I.R. 244 de 2006) agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil a ainmniú mar riarthóir ar an gclár náisiúnta. Is é aidhm an chláir náisiúnta a chinntiú go gcoinnítear cuntas cruinn ar na hAonaid Kyoto a eisítear, a choinnítear, a aistrítear, a cheannaítear, a chuirtear ar ceal nó ar scor.

## Gníomhaireacht Náisiúnta Ceannacháin

Ainmníodh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) mar ghníomhaireacht ceannacháin an Stáit agus déanfaidh sé Aonaid Kyoto a cheannach thar ceann an Rialtais. Bunaíodh Ciste Carbóin chuige seo.

Tá stádas reachtúil ag ról na Gníomhaireachta mar ghníomhaireacht ceannacháin faoin Acht um an gCiste Carbóin 2007. Forálann an tAcht go ndéanfaidh an ghníomhaireacht ceannacháin na feidhmeanna ar fad a bhaineann le Ciste Carbóin a bhainistiú, lena n-áirítear cuntais ar chaiteachas ag tabhairt airde ar nósanna imeachta poiblí airgeadais, faoi réir threoirí/threoir an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

## Ceannach Aonaid Kyoto a Mhaoiniú

Maoineoidh an Ciste Láir an Ciste Carbóin a bunaíodh faoi Acht 2007 chun Aonaid Kyoto a cheannach. Sa phróiseas bliantúil meastacháin, déanfar foráil do Vóta na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an Ciste Láir a aisíoc.

Tá €270 milliún geallta ag an Rialtas le hinfheistiú i meicníochtaí solúbtha faoi bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013. Sin sa bhreis ar infheistiocht €20 milliún in 2006.

## Creat do Cheannach Aonaid Kyoto

Ceannóidh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta Aonaid Kyoto thar ceann an Stáit. Ceannófar gach aonad de réir na gcuspóirí seo a leanas:

- go gcuirfidh siad le cuspóirí Choinbhinsiún Creata na Náisiún Aontaithe um Athrú Aeráide, i.e. an méid gás ceaptha teasa san atmaisféar a choinneáil ag leibhéal nach bhfuil contúirteach le

- go gcoinnítear an riosca íseal, go háirithe maidir le creidmheasanna a shaothrú in am; agus
- go léiríonn siad luach maith ar airgead.

Féadfaidh an Ghníomhaireacht na meicníochtaí seo a leanas a úsáid chun Aonaid Kyoto a cheannach:

- Aonaid Kyoto a cheannach go díreach ó pháirtithe eile larscribhinn B Phrótacal Kyoto;
- infheistiocht dhíreach i dtionscadail meicníochtaí forbairt ghlan agus cur-i-ngníomh comhoibrithe;
- infheistiocht i gcistí bainistithe; agus
- Aonaid Kyoto a cheannach go díreach ar an margadh;

nó roinnt díobh seo nó iad ar fad chomh fada agus go gcinnteofar, de réir chinntí Pháirtithe Phrótacal Kyoto:

- go bhféadfaidh an Stát aon fhuilleach in Aonaid Kyoto ag deireadh na tréimhse 2008-2012 a chur sa bhanc agus a úsáid i dtréimhse eile de Phrótacal Kyoto nó i gconradh eile; agus
- Ní úsáideann Éire aonaid laghdú astuithe ná laghdú deimhnithe astuithe ó shaoráidí núicléacha, chun gealltanais Phrótacal Kyoto a bhaint amach.

Féadfaidh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, ag tabhairt airde ar na cuspóirí thuas, comhaontuithe a dhéanamh chun Aonaid Kyoto a cheannach de bhun Airteagal 17 den Phrótacal. Féadfaidh an tAire a ordú do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta Aonaid Kyoto a cheannach má bhíonn siad ar fáil faoi na comhaontuithe sin.

Faoi réir ordú eile an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, féadfaidh an Ghníomhaireacht Aonaid Kyoto a dhíol más gá chun Prótacal Kyoto a chomhlíonadh ar an gcostas a léirítear faoi Airteagal 7, mír 4 den Phrótacal.

Clárófar na hAonaid Kyoto a cheannóidh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta sa chlár náisiúnta atá á bhainistiú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Coinneoidh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil cuntas ar na hAonaid Kyoto a chuirtear sa chlár chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh Éire Prótacal Kyoto.

Is ionann an creat beartais seo agus an chéad ordú ón Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

Aibreán 2007.



# GLUAIS

AAUs	SFéach Aonaid Méid Sannta
Breisiúlacht	Coincheap tábhachtach faoi Phrótacal Kyoto. Ní eiseofar aonaid dheimhnithe ach ó JI agus CDM sa chás go mbeidh laghdú astuithe “sa bhreis ar an méid a bheadh ann ar aon chaoi”.
Tíortha larscríbhinn B	Tíortha liostaithe in larscríbhinn B de Phrótacal Kyoto. Tá srianta ar thíortha larscríbhinn B maidir le hastuithe (féach Aguisín 1).
Aonaid Méid Sannta (AAUs)	Is iad seo na haonaid a thugtar do gach tír larscríbhinn B a léiríonn na hastuithe iomlána atá ceadaithe do thír faoi Phrótacal Kyoto.
Comhaontú chun an t-ualach a roinnt	Comhaontú AE-15 a n-óibleagáidí a chomhlíonadh faoi Phrótacal Kyoto, trí “bubble” mar a cheadaítear in Airteagal 4 den Phrótacal. Faoi théarmaí an chomhaontaithe seo, tá sprioc ar leith ag gach Ballstát chun astuithe carbóin a laghdú.
Bubble	Scéim a ceadaíodh do thíortha faoi Phrótacal Kyoto. Féach Comhaontú chun an t-ualach a roinnt.
CDM	Féach Meicníocht Forbairt Ghlan
Bord Feidhmiúcháin CDM	Cláraíonn sé seo gníomhaíochtaí tionscadail mar thionscadail CDM, eisiúnn sé Laghduithe Deimhnithe Astuithe (CER) do rannpháirtithe cuí agus bainistíonn sraith painéal teicniúil agus cruinnithe grúpaí oibre. Tuairiscíonn sé do Chomhdháil Pháirtithe Phrótacal Kyoto.
CERs	Féach Laghduithe Deimhnithe Astuithe.
Laghduithe Deimhnithe Astuithe (CERs)	Creidmheasanna carbóin a ghintear trí Mheicníocht Forbairt Ghlan.
Meicníocht Forbairt Ghlan (CDM)	Ceann de na Meicníochtaí Solúbtha a ceadaíodh faoi Phrótacal Kyoto. Gineann an Mheicníocht seo creidmheasanna trí thacú le tionscadail a laghdaíonn gás ceaptha teasa i dtíortha i mbéal forbartha.
Cóibhéisí CO <sub>2</sub>	Sa chás go dtagraítear do gháis seachas CO <sub>2</sub> , déantar coinbhéartú orthu seo dá gcóibhéisí i bPoitéinseal téamh domhanda (PTD) do CO <sub>2</sub> chun críche comparáid a dhéanamh.
Comhdháil na bPáirtithe (COP)	Is éard is an COP ann ná comhlacht uachtarach Chreat-choinbhinsin na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide (UNFCCC) agus tagann siad le chéile gach bliain. Ba iad Comhaontuithe Marrakesh a bhí mar thoradh ar COP7. Tionóladh an chomhdháil is déanaí, .i. COP14 in Poznan, an Pholainn i mí na Nollag 2008. Tionólfar COP15 i gCóbanhávan i mí na Nollag 2009.
COP	Féach Comhdháil na bPáirtithe.
Aonaid Laghdú Astuithe (ERUs)	Creidmheasanna carbóin a dhéantar trí Mhicníocht Cur-i-nGníomh Comhoibrithe (JI).
Aonaid Astuithe	Is ionann gach aonad astuithe faoi Phrótacal Kyoto agus tona amháin Dé-ocsaíd Charbóin.
Trádáil Astuithe	I gcomhthéacs Scéim Trádála Astuithe an AE no Meicníochtaí Solúbtha Phrótacal Kyoto, tagraíonn sé seo do liúntais a cheannach agus a dhíol chun líon áirithe gás ceaptha teasa a scaoileadh nó creidmheasanna a léiríonn méid gás ceaptha teasa atá laghdaithe cheana féin.
ERU	Féach Aonaid Laghdú Astuithe.

Scéim Trádála Astuithe an AE	Scéim “Cap and Trade” d’údair mhóra thruaillithe AE-15.
EU ETS	Féach Scéim Trádála Astuithe an AE.
EUA	Féach Liúntais an Aontais Eorpaigh
Liúntais an Aontais Eorpaigh (EUAs)	Creidmheasanna a thugtar do chuideachtaí san EU ETS. Tagann na creidmheasanna seo ó AAUs na tíre.
Meicníochtaí Solúbtha agus Forbairt Ghlan.	Na Meicníochtaí Solúbtha faoi Phrótacal Kyoto i.e. Trádáil Astuithe, Comhchoiste Cur chun feidhme agus an Mheicníocht Forbartha Glaine.
Poitéinseal Téamh Domhanda (PTD)	Ionas gur féidir comparáid a dhéanamh idir na gáis ceaptha teasa éagsúla, ríomhtar astuithe thar léaslíne ama normalaithe ar mhaithe le míosúr a fháil ar a n-éifeacht téimh coibhneasta san atmaisféar. Baintear úsáid as léaslíne ama 100 bliain go hiondúil. Is é CO <sub>2</sub> an bun-aonad. Féach fonóta 1, leathanach 5.
Painéal idir-Rialtasach um Athrú Aeráide (IPCC)	Comhlacht eolaíoch idir-rialtasach an IPCC a bhunaigh an Eagraíocht Mheitéareolaíoch Domhanda (WMO) agus Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP). Is é an comhlacht is údarasaí ar éifeachtaí an duine ar aeráid an domhain. Láithreán Gréasáin: <a href="http://www.ipcc.ch">www.ipcc.ch</a>
Taiféad Idirbheartaíochta Idirnáisiúnta (ITL)	Is é an ITL an bunachar sonraí lárnach de na creidmheasanna intrádála faoi Phrótacal Kyoto a dheimhníonn idirbheartaíochtaí idirnáisiúnta agus rialacha agus beartais Kyoto a bheith á gcomhlíonadh.
IPCC	Féach Painéal Idir-Rialtasach um Athrú Aeráide.
JI	Féach Cur-i-nGníomh Comhoibrithe.
JISC	Féach Coiste Maoirseachta an Chur-i-nGníomh Comhoibrithe.
Cur-i-nGníomh Comhoibrithe (JI)	Meicníocht Sholúbtha a cheadaíonn astuithe a aistriú ó thír amháin larscríbhinn B go tír eile larscríbhinn B. Gineann JI creidmheasanna ar bhonn tionscadail laghdú astuithe ag laghdú astuithe go mór.
Coiste Maoirseachta an Chur-i-nGníomh Comhoibrithe (JISC)	Déanann an comhlacht seo maoirsiú ar dheimhniú ERUs ginte ag tionscadail JI.
Prótacal Kyoto	Prótacal an Choinbhinsiúin Creata um Athrú Aeráide a comhaontaíodh in Kyoto na Seapáine, Nollaig 1997 agus a tháinig i bhfeidhm an 16 Feabhra 2005. Sonraíonn sé na hoibleagáid astuithe do thíortha larscríbhinn B agus na trí Mheicníocht Sholúbtha Kyoto. JI, CDM, agus Trádáil Astuithe.
Aonad Kyoto	Aonad na n-astaíochtaí coibhéseach le ceann tona CO <sub>2</sub> astú.
Comhaontú Marrakesh	San áireamh sa Chomhaontú seo tá modhanna agus nósanna imeachta don bheartas idirnáisiúnta athrú aeráide agus prionsabail thábhachtacha na haistrithe teicneolaíochta, na cuntasáíochta agus chur-i-bhfeidhm na Meicníochtaí Solúbtha etc.
Coinbhinsiún Creata na NA um Athrú Aeráide (UNFCCC)	Bunaíodh UNFCCC i 1992 ag Cruinniú Mullaigh Rio de Janeiro. Is é an creat seo a threoraíonn comhaontuithe idirnáisiúnta aeráide. Is é an phríomhchuspóir atá leis “leibhéal an gháis ceaptha teasa san atmaisféar a choinneáil ag leibhéal nach mbeadh contúirteach don duine”.



strategy

POWER

2:38  
85.0 km  
12315 km  
3824 km

1  
0  
132 km

# RÁITIS AIRGEADAIS AN CHISTE CARBÓIN DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2009

## CLÁR NA NÁBHAR

	Leathanaigh
Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Gníomhaireachta	24
Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	25
Beartais Chuntasaíochta	26–27
Cuntas Ciste	28
Ráiteas na nGlansócmhainní	29
Nótaí a ghabhann leis na Cuntais	30–32



# RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ NA GNÍOMHAIREACHTA


Caithfidh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) ráitis airgeadais a ullmhú faoin Acht um an gCiste Carbóin 2007 i ndáil lena hoibríochtaí gach bliain airgeadais.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú ag an nGníomhaireachta, éilítear uirthi:

- beartais chúí chuntasaíochta a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin mura cuí an bonn sin;
- aon neamhchomhlíonadh sna caighdeáin chuntasaíochta infheidhme a dhiúscairt agus a mhíniú.

Tá an Gníomhaireacht freagrach as na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a fuair nó a chaith sé agus taifid chearta chuntasaíochta a choinneáil, a léiríonn, le cruinneas réasúnach ag am ar bith, seasamh na Gníomhaireachta maidir le hairgeadas, i bhfoirm a cheadóidh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le toiliú an Aire Airgeadais.

Tá an Gníomhaireacht freagrach freisin as a sócmhainní ar fad faoina rialú a chosaint agus, dá bhrí sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. prevention and detection of fraud and other irregularities.



John C. Corrigan  
An Príomhfheidhmeannach

25 Meitheamh 2010

# TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LE CUR I LÁTHAIR THITHE AN OIREACHTAIS

Tá ráitis airgeadais An Chiste Carbóin don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 iniúchta agam faoin Acht um an gCiste Carbóin 2007.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ciste, an Ráiteas Glan-shócmhainní agus na nótaí gaolmhara.

## Freagrachtaí na Gníomhaireachta agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an Gníomhaireacht freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um an gCiste Carbóin 2007 agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Gníomhaireacht na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta na Gníomhaireachta leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta.

Is é m'fhreagrachta ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas ceart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar thorthaí oibríochtaí an Chiste don bhliain agus ar a iarmhéideanna ag deireadh na bliana. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnte. Lena chois sin, deirim cibé an dtugann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcíoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtugann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an eolas faoi aon rud atá, de réir cosúlachta, ina mhiráiteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

## An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibríocháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrudú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail ar chúrsaí an Chiste, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhiráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

## Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas ceart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar thorthaí oibríochtaí an Chiste don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 agus ar a iarmhéideanna ar an dáta sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnte ag an nGníomhaireacht. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.



John Buckley  
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste  
25 Meitheamh 2010

# BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Bunaíodh an Ciste Carbóin faoin Acht um an gCiste Carbóin 2007 chun Aonaid Kyoto a cheannach agus aon uirlisí nó sócmhainní eile den chineál sin thar ceann an Stáit chun oibleagáidí athrú aeráide idirnáisiúnta a chomhlíonadh faoi Choinbhinsiún Creata na Náisiún Aontaithe um Athrú Aeráide 1992 agus Prótacal Kyoto 1997 don Choinbhinsiún sin. Ainmníodh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) mar ghníomhaireacht ceannacháin an Stáit agus déanfaidh sé Aonaid Kyoto a cheannach.

Féadfaidh an Ghníomhaireacht na meicníochtaí seo a leanas a úsáid chun Aonaid Kyoto a cheannach:

- Aonaid Kyoto a cheannach go díreach ó pháirtithe eile Phrótacal Kyoto
- infheistíocht dhíreach i dtionscadail Meicníochtaí Forbairt Ghlan agus cur-i-ngníomh comhoibrithe
- infheistíocht i gcistí bainistithe
- aonaid Kyoto a cheannach go díreach ar an margadh

Sainmhínear Aonaid Kyoto san Acht um an gCiste Carbóin 2007 mar *“aonad atá coibhéiseach le tona méadrach amháin de dhé-ocsaíd charbóin arna eisiúint de bhun Phrótacal Kyoto agus na gcinní arna nglacadh de bhun an Choinbhinsiúin agus Phrótacal Kyoto”*. Tugtar creidmheasanna carbóin ar Aonaid Kyoto go hiondúil. Leis an reachtaíocht féadfar Aonaid Kyoto a dhiúscairt i gcoinníollacha áirithe, i.e. *“le toiliú an Aire [Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil] agus an Aire Airgeadais agus ar cibé téarmaí a shonróidh siad”*.

Is iad seo a leanas na beartais chuntasaíochta a glacadh i ndáil leis an gCiste Carbóin:

## Bunús an Ullmhúcháin

Réitíodh na ráitis airgeadais de réir an Achta um an gCiste Carbóin 2007 i bhformáid a cheadaigh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Tugann na ráitis airgeadais achoimre ar idirbheartaíochtaí agus ar ghlan sócmhainní an Chiste Carbóin.

## Tréimhse Tuairiscithe

Tá an tréimhse tuairiscithe ó 1 Eanáir go dtí 31 Nollaig 2009. Tá an tréimhse tuairiscithe chomparáidigh le haghaidh 2008 ó 1 Eanáir go dtí 31 Nollaig 2008.

## Airgeadra Tuairiscithe

Is é an t-airgeadra tuairiscithe an euro, a léirítear leis an gcomhartha €.

## Sócmhainní an Chiste Carbóin

Is é atá i gceist le Sócmhainní an Chiste Carbóin ná infheistíochtaí in:

### Gabháltais Dhíreacha

Déantar na hAonaid Kyoto a cheannaítear a thaifeadadh ag a gcostas éadála nuair a seachadaítear iad. Áirítear leis an gcostas éadála Cáin Breislúacha atá íoctha agus atá le híoc i ndáil le ceannach na nAonaid Kyoto

### Aonaid Kyoto Indíreacha

Infheistítear aonaid indíreacha i gcistí bainistithe. Taifeadtar na hinfeistíochtaí sna cistí seo ag costas ceannaigh. Baineann na hinfeistíochtaí le tionscadail a laghdaíonn carbón a d'fhéadfadh Aonaid Kyoto a tháirgeadh nó gan a tháirgeadh. Ní féidir líon na n-aonad a thomhas, go hiondúil, go dtí níos déanaí.

## BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEAN)

### Gnóthachan agus Caillteanas ar Shócmhainní an Chiste Carbóin

Mar go bhfaightear na hAonaid Kyoto leis an rún iad a choinneáil chun oibleagáid na hÉireann a chomhlíonadh ag deireadh 2012, am a ngéillfear iad, ní beidh aon ghnóthachan nó caillteanas réadaithe ar na sócmhainní seo ach is féidir barrachas sócmhainní a thabhairt ar aghaidh.

### Speansais

Déantar taifead sa Chuntas Ciste ar an ioncam carntha atá faighte nó le fáil ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Déantar infheistíochtaí leanúnacha a maoiniú ar bhunús idirlinne ón gCiste Lárnach, ar feitheamh fáil an ioncaim sin.

Tá infheistíocht de €20 milliún déanta ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil sa Chiste Iltaobhach um Chreidmheas Carbóin Iltaobhach a bhunaigh an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha. Níl an infheistíocht seo ina cuid den chiste.

### Airgeadraí Coigríche

Aistrítear gach idirbheartaíocht in airgeadra coigríche go euro ag an ráta malartaithe a bhí i bhfeidhm lá na hidirbheartaíochta.

### Cánachas


Tá ioncam agus brabúis an Chiste Carbóin díolmhaithe ó cháin chorparáideach na hÉireann. Tá na hAonaid Kyoto a cheannaíonn an Ciste Carbóin faoi dhliteanas Cáin Breisluacha mar go mbreathnaítear ar a leithéid d'idirbheart mar sholáthar seirbhíse, mar a sainmhíniodh é in Alt 5(1) den Acht Cánach Breisluacha 1972. Áirítear an CBL a dtabhaítear i gcostas éadála sócmhainní an Chiste Carbóin.



# CUNTAS CISTE don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

		An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009 €	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008 €
	Nótaí		
Ioncam	1	28,560,318	63,320,520
Méadú sa Chiste i rith na tréimhse		28,560,318	63,320,520
Glansócmhainní an Chiste ag tús na tréimhse		67,043,359	3,722,839
Glansócmhainní an Chiste ag deireadh na tréimhse		95,603,677	67,043,359

Is dlúthchuid de na cuntais seo an ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta agus nótaí 1 go 8.




John C. Corrigan  
An Príomhfheidhmeannach

25 Meitheamh 2010

## RÁITEAS NA NGLANSÓCMHAINNÍ, 31 Nollaig 2009

	Nótaí	2009 €	2008 €
Sócmhainní an Chiste Carbóin	3	95,603,677	67,043,359
Sócmhainní Reatha	5	38,880,888	63,320,520
Airgead sa Bhanc		-	-
Dliteanais Reatha	6	(38,880,888)	(63,320,520)
		<hr/>	<hr/>
Glansócmhainní an Chiste amhail an 31 Nollaig		95,603,677	67,043,359
		<hr/>	<hr/>

Is dlúthchuid de na cuntais seo an ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta agus nótaí 1 go 8.



John C. Corrigan  
An Príomhfheidhmeannach

25 Meitheamh 2010

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA CUNTAIS

1.	<b>Ioncam</b>	<b>An bhliain dar chríoch</b>	<b>An tréimhse dar chríoch</b>
		<b>31 Nollaig 2009</b>	<b>31 Nollaig 2008</b>
		€	€
	Ioncam ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil	28,560,318	3,722,839

Cuimsíonn ioncam an maoiniú a chuirfidh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil ar fáil don Chiste Carbóin chun freastal ar an gcaiteachas a dtabhaítear i rith na bliana.

## 2. Costais Riaracháin

Gearrtar costais riaracháin an Chiste Carbóin ar Chuntas Riaracháin Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus íoctar iad as an gCiste Láir.

## 3. Sócmhainní an Chiste Carbóin

(a)	Achoimre ar Shócmhainní	<b>2009</b>	<b>2007</b>
		€	€
	Gabháltais Dhíreacha	89,573,025	-
	Gabháltais Indíreacha	6,030,652	3,722,839
		<u>95,603,677</u>	<u>3,722,839</u>
(b)	Anailís ar Airgeadra Sócmhainní	<b>2009</b>	<b>2007</b>
		€	€
	Euro	93,673,025	2,200,000
	Dollar Mheiriceá	1,930,652	1,522,839
		<u>95,603,677</u>	<u>3,722,839</u>
(c)	Gabháltais Indíreacha :	<b>2009</b>	<b>2007</b>
		€	€
	Banc Domhanda – Ciste Carbóin don Eoraip	4,100,000	2,200,000
	Banc Domhanda – Ciste Bithcharbóin	1,930,652	1,522,839
		<u>6,030,652</u>	<u>3,722,839</u>

## NOTES TO THE ACCOUNT (Continued)

### 3. Sócmhainní an Chiste Carbóin (Ar lean)

(d) Gabháltas díreach:

Líon na gcreidmheasanna carbóin a seachadadh agus atá i dtaisce leis an gClárann Thrádáil Astuithe – Éire ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil amhail 31 Nollaig 2008: 5,255,000 (2008: 3,455,000).

### 4. Ceangaltais

#### Carbon Fund Investments

Tá íocaíochtaí riartha ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta thar ceann an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i ndáil le cistí an Bhainc Dhomhanda. Baineann na hinfheistíochtaí sna cistí seo le tionscadail a d'fhéadfadh Aonaid Kyoto a shaothrú ach ní bheidh a fhios seo againn go dtí amach anseo.

Faoin 31 Nollaig 2009, b'ionann na gealltanais caipiteal neamhghlaoite i ndáil leis na hinfheistíochtaí seo agus:

		Gealltanais lomlán an Stáit dáta		Íochta go dáta	Neamh-mhaoinithe go
		Airgeadra Áitiúil	A chomhionann i Euro	€	€
			€	€	€
Banc Domhanda	Ciste Carbóin don Eoraip	€10m	10,000,000	4,100,000	5,900,000
Banc Domhanda	Ciste Bithcharbóin	US\$12.88m	9,019,766	1,930,652	7,089,114
			<u>19,019,766</u>	<u>6,030,652</u>	<u>12,989,114</u>

### 5. Sócmhainní Reatha

	2009	2008
	€	€
An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	<u>38,880,888</u>	<u>63,320,520</u>

Léiríonn an méid seo an méid atá le híoc ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil leis an gCiste Carbóin faoi Alt 3 (4) den Acht um an gCiste Carbóin 2007.



## NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA CUNTAIS (ar lean)

6.	Dlíteanais Reatha	2009	2008
		€	€
	Lárchiste	36,146,518	52,999,950
	Cáin Breisluacha iníoctha	2,734,370	10,320,570
		<u>38,880,888</u>	<u>63,320,520</u>

Is i ndáil le réamhíocaíochtaí atá íoctha ag an Lárchiste don Chiste Carbóin atá dlíteanas an Lárchiste agus aisíocfar é don Lárchiste nuair a bhfaighidh an Ciste Carbóin cistí ón Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil. Áirítear leis seo dlíteanas CBL de € 626,510 gan íoc ag deireadh na bliana do creidmheasanna carbóin a cheannach lasmuigh den Stát.

### 7. Bainistíocht Riosca Airgeadais

Tagann an Ciste faoi réir riosca phraghas an mhargaidh agus riosca airgeadra mar gheall ar na huirlisí airgeadais ina sheilbh mar shócmhainní infheistíochta. Pléitear thíos na beartais bainistíocht riosca a úsáideann an Ciste chun na rioscaí seo a bhainistiú.

#### Riosca Phraghas an Mhargaidh

D'fhéadfadh uirlisí airgeadais an Chiste, ina n-áirítear cistí infheistíochtaí a bheith faoi réir riosca phraghas an mhargaidh mar gheall ar éiginnteacht faoi phraghas na n-ionstraimí amach anseo.

#### Riosca Airgeadra

PTugtar cuid de shócmhainní an Chiste in airgeadra eile seachas an euro – airgeadra feidhmiúil an Chiste. Tagann an Ciste faoi réir riosca airgeadra, dá bhrí sin, mar go n-athróidh luach na n-infheistíochtaí in airgeadra eile mar gheall ar rátaí malartaithe. Ní dhéanann an Ciste fálú ar a riosca airgeadra trí fhálú airgeadra.

### 8. Páirtithe Gaolmhara

#### (a) An tAire Airgeadais

De réir Alt 3 den Acht um Chiste Carbóin 2007, is féidir leis an Aire Airgeadais suimeanna airgid a réamhíoc don Chiste Carbóin ón Lárchiste, suimeanna a chúiteoidh an Ciste Carbóin le hairgead a bheidh curtha ar fáil ag an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil.

#### (b) An tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil

Faoi Alt 2(3) den Acht um an gCiste Carbóin 2007, déanann an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil an Ciste Carbóin a bhainistiú agus a rialú.

#### (c) Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnt

De réir Alt 2(4) den Acht um Chiste Carbóin 2007, tarmligeann an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil bainistíocht an Chiste Carbóin do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

De réir Alt 8 den Acht um Chiste Carbóin 2007, féadfaidh an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil treoracha nó treoirilínte a thabhairt do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i ndáil leis an gcaoi a gcomhlíonann sé na feidhmeanna atá tarmligthe nó bronnta uirthi faoin Acht.



---

NÓTAÍ





---

NÓTAÍ





**Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta**

Áras an Chisteáin,  
Sráid na Canála Móire,  
Baile Átha Cliath 2  
Éire

**Teil:** +353 1 664 0800

**Facs:** +353 1 664 0890

**Web:** [www.ntma.ie](http://www.ntma.ie)

**E-mail:** [info@ntma.ie](mailto:info@ntma.ie)





## Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

---